Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**12992/26**

**AVIATION 130**
**DELACT 141**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6142 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 8.9.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann le teorainneacha aga eitilte agus dualgais agus ceanglais scíthe maidir le hoibríochtaí tacsaí aeir, oibríochtaí seirbhísí leighis éigeandála agus oibríochtaí aonphíolóta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6142 final.

Faoi iamh: C(2026) 6142 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2026
C(2026) 6142 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.9.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann le teorainneacha aga eitilte agus dualgais agus ceanglais scíthe maidir le hoibríochtaí tacsaí aeir, oibríochtaí seirbhísí leighis éigeandála agus oibríochtaí aonphíolóta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don ghníomh tarmligthe seo rialacha comhchuibhithe a leagan síos maidir le teorainneacha aga eitilte agus dualgais agus ceanglais scíthe (FTL) le haghaidh oibríochtaí tacsaí aeir, oibríochtaí seirbhísí leighis éigeandála, agus oibríochtaí aeriompair tráchtála aonphíolóta le heitleáin.

Ina theannta sin, is é is aidhm don ghníomh tarmligthe seo na rioscaí a bhaineann le carnadh do-ghlactha tuirse ar aerchriú a mhaolú, agus creat dlíthiúil comhchuibhithe a thabhairt isteach maidir le bainistiú tuirse atá saincheaptha do na hoibríochtaí sin, lena n-áiritheofar cothrom iomaíochta agus leibhéal aonfhoirmeach sábháilteachta eitlíochta sibhialta ar fud an Aontais.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 128(4) de Rialachán (AE) 2018/1139 ([1]), sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe rachaidh sé i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Cuireadh an dréachtghníomh tarmligthe seo i láthair ghrúpa na saineolaithe um shábháilteacht eitlíochta., grúpa ina bhfuil ionadaithe ó na Ballstáit, ag a chruinniú a reáchtáladh an LL/MM/BBBB.

Tá an dréachtghníomh tarmligthe seo bunaithe ar Thuairim GSEE Uimh. 02/2026 a ndeachthas i gcomhairle leis an bpobal ar dtús maidir lena bhfuil ann trí Fhógra faoi Leasú Molta (NPA) 2017-17 agus ina dhiaidh sin le Comhlachtaí Comhairleacha GSEE trí NPA 2024-106.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 32(1) de Rialachán (AE) 2018/1139, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 128 den Rialachán sin, lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh ag na hoibreoirí agus ag a mbaill aerchriú i ndáil le teorainneacha aga eitilte agus dualgais, chomh maith le ceanglais scíthe le haghaidh baill aerchriú, agus na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le scéimeanna aonair um shonrú aga eitilte a bheith á bhformheas ag na húdaráis inniúla náisiúnta.

De réir Airteagal 139(3) de Rialachán (AE) 2018/1139, aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ([2]) ó dháta chur i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe seo.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 maidir le comhchuibhiú ceanglas teicniúil agus nósanna imeachta riaracháin i réimse na heitlíochta sibhialta (IO L 373, 31.12.1991, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1991/3922/oj).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.9.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann le teorainneacha aga eitilte agus dualgais agus ceanglais scíthe maidir le hoibríochtaí tacsaí aeir, oibríochtaí seirbhísí leighis éigeandála agus oibríochtaí aonphíolóta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 32(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún([2]), leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir, lena n-áirítear teorainneacha aga eitilte agus dualgais (TAE) agus ceanglais scíthe le haghaidh oibreoirí aeriompair tráchtála (AT) a úsáideann eitleáin in oibríochtaí sceidealaithe agus cairtfhostaithe.

(2) Agus na ceanglais TAE le haghaidh oibreoirí aeriompair trachtála á bhforbairt faoi Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, cinneadh aghaidh a thabhairt ar TAE le haghaidh oibríochtaí tacsaí aeir, oibríochtaí seirbhíse leighis éigeandála agus oibríochtaí aonphíolóta ag céim níos déanaí chun gur féidir fianaise eolaíoch a bhailiú maidir leis na tosca a dhéanann difear don tuirse sna hoibríochtaí sin.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, tá TAE le haghaidh oibreoirí aeriompair tráchtála eitleán a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí tacsaí aeir, oibríochtaí seirbhíse leighis éigeandála (AEMS) agus oibríochtaí aonphíolóta faoi réir na gceanglas a leagtar amach sa dlí náisiúnta dá dtagraítear in

([1]) OJ L 212, 22.8.2018, p. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2012/965/oj).

Airteagal 8(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([3]) agus i bhFochuid Q d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. Ba cheart an maolú sin leanúint de bheith bailí go dtí go dtiocfaidh na bearta nua i bhfeidhm i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(4) Forbraíodh ceanglais Fhochuid Q d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 chun críoch oibríochtaí ilchriú sceidealaithe agus cairtfhostaithe. Mar sin féin, tá feidhm acu freisin maidir le hoibríochtaí tacsaí aeir ar éileamh, oibríochtaí AEMS agus oibríochtaí aonphíolóta d'ainneoin na ndifríochtaí idir na hoibríochtaí sin agus oibríochtaí ilchriú, agus an cineál aerárthaigh a úsáidtear. Ar an gcuma chéanna, ní bhunaítear le Fochuid Q d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 uastréimhse dualgais eitilte laethúil le haghaidh oibríochtaí aonphíolóta agus oibríochtaí AEMS, agus ní dhéantar foráil léi maidir le dualgas fuireachais, sos le linn eitilte ná dualgas scoilte. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a leasú chun TAE leordhóthanach a áireamh le haghaidh oibríochtaí aeriompair tráchtála le heitleáin le haghaidh oibríochtaí tacsaí aeir, oibríochtaí AEMS agus oibríochtaí aonphíolóta.

(5) Tá difríocht shuntasach idir dualgais phíolóta in oibríochtaí eitlíochta, amhail tacsaí aeir agus AEMS, agus dualgais phíolóta in oibríochtaí sceidealaithe nó cairtfhostaithe toisc go n-eitlíonn píolótaí tacsaí aeir agus píolótaí AEMS níos lú turas ach turais níos faide de ghnáth. Éilíonn oibríochtaí tacsaí aeir agus oibríochtaí AEMS gníomhaíocht 24 uair an chloig a bhféadfadh sealobair, oibríochtaí oíche, sceidil neamhrialta agus dhothuartha, agus athruithe táthrialta ar an gcrios ama a bheith i gceist léi. Dá bhrí sin, ba cheart cothromaíocht chóir idir rialacha saintreoracha agus rialacha feidhmíochtbhunaithe a bhunú ós rud é go mbeadh cur i bhfeidhm rialacha comhchosúla atá ceaptha le haghaidh timpeallachtaí oibriúcháin atá go hiomlán éagsúil ag teacht salach ar an gcuspóir ardleibhéal aonfhoirmeach sábháilteachta eitlíochta sibhialta a áirithiú san Aontas.

(6) Ba cheart bearta maolaithe sonracha a thabhairt isteach i gcomhréir leis na cuspóirí cosanta riosca a leagtar amach in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/1139 chun réaltachtaí oibríochtúla na hearnála a léiriú, lena n-áirítear cineál na n-eitiltí tacsaí aeir agus AEMS, nach bhfuil ar oscailt don phobal i gcoitinne, chomh maith le cineál agus scála na n-oibríochtaí, nach bhfuil chomh casta céanna agus a bhaineann le heitleáin nach bhfuil chomh casta céanna le seirbhísí sceidealaithe nó cairtfhostaithe. Ba cheart gach ceann de na bearta maolaithe sin a bheith spriocdhírithe agus ba cheart aghaidh a thabhairt leo ar rioscaí tuirse sainaitheanta a eascraíonn as cleachtais sceidealaithe, tréimhsí dualgais nó socruithe scíthe ar leith.

(7) Chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar bhreithnithe náisiúnta áirithe nó ar chleachtais oibríochtúla náisiúnta áirithe, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit maolú ar fhorálacha áirithe a thugtar isteach leis an Rialachán seo nó imeacht ó na sonraíochtaí deimhniúcháin gaolmhara trí cheanglais a chur i bhfeidhm a bhfuil a leibhéal sábháilteachta coibhéiseach ar a laghad le forálacha an Rialacháin seo. Ba cheart fógra a thabhairt faoi aon mhaolú nó imeacht ón Rialachán seo agus ba cheart na rialacha faoi Airteagal 71 agus Airteagal 76(7) de Rialachán (AE) 2018/1139 a leanúint, lena n-áirithítear cinntí trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha bunaithe ar chritéir oibiachtúla.

---

([3]) Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 maidir le comhchuibhiú ceanglas teicniúil agus nósanna imeachta riaracháin i réimse na heitlíochta sibhialta (IO L 373, 31.12.1991, lch. 4, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/1991/3922/oj).

(8) Chun aistriú rianúil a áirithiú ó Fhochuid Q d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 atá infheidhme faoi láthair agus ó rialacháin náisiúnta na mBallstát, ba cheart a ndóthain ama a thabhairt d'oibreoirí agus d'údaráis inniúla na mBallstát chun a ndoiciméid oibríochtúla a thabhairt cothrom le dáta, uirlisí bogearraí iomchuí a chur chun feidhme, agus oiliúint a chur ar an bpearsanra ábhartha chun na bearta nua a chomhlíonadh. Dá réir sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar.

(9) Ba cheart pointí ARO.OPS.235 d'Iarscríbhinn II agus ORO.FTL.125 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a thabhairt cothrom le dáta chun iad a ailíniú le Rialachán (AE) 2018/1139 agus chun tagairtí atá imithe i léig a bhaint, gan aon tionchar diúltach eacnamaíoch, sóisialta ná riaracháin a thabhairt isteach ar bhaill aerchriú, ar oibreoirí ná ar údaráis inniúla. Chun tacú leis na húdaráis inniúla náisiúnta a nósanna imeachta formheasa a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart feidhm a bheith ag na pointí sin maidir le hoibríochtaí sceidealaithe agus cairtfhostaithe ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(10) Cé go gceanglaítear leis an gcreat rialála atá ann cheana ar údaráis inniúla na mBallstát faireachán agus obair leantach a dhéanamh ar tharluithe sábháilteachta tuairiscithe san eitlíocht shibhialta, chun an leibhéal sábháilteachta eitlíochta is airde a áirithiú agus chun na rioscaí a bhaineann le tuirse a mhaolú, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit agus Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht'), ar gníomhaireacht í a dtugtar de chumhacht di faoi Airteagal 85(1) de Rialachán (AE) 2018/1139 cigireachtaí agus gníomhaíochtaí faireacháin eile a dhéanamh d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin sin agus na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn a áirithiú, faireachán gníomhach ar chur chun feidhme na rialacha nua.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo bunaithe ar Thuairim Uimh. 02/2026 ([4]) a d'eisigh an Ghníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, an chead mhír, cuirtear isteach na pointí (16), (17) agus (18) seo a leanas:

'(16) ciallaíonn 'eitilt seirbhíse leighis éigeandála eitleáin (AEMS)' eitilt le heitleán i gcás ina bhfuil iompar láithreach agus mear fíor-riachtanach agus ag a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas:

(a) is é is cuspóir di cúnamh leighis éigeandála a éascú trí cheann amháin nó níos mó de na daoine nó na nithe seo a leanas a iompar:

(i) pearsanra leighis;

(ii) soláthairtí leighis (trealamh, fuil, orgáin, drugaí);

([4]) https://www.easa.europa.eu/en/document-library/opinions.

(iii) daoine breoite nó gortaithe agus daoine eile a bhfuil baint dhíreach acu leis an gcás;

(b) áirítear ann teascóga a eitlítear chun eitleán a shuíomh chun na daoine dá dtagraítear i bpointí (a)(i) nó (a)(iii), nó na soláthairtí leighis dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) a iompar, nó chun an t-eitleán a chur ar ais chuig an mbunáit oibriúcháin AEMS;

(17) ciallaíonn 'oibríocht sceidealaithe' sraith eitiltí ag a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas:

(i) i gcás gach eitilte tá suíocháin agus/nó cumas iompair lastais nó poist ar fáil le ceannach go leithleach ag an bpobal, go díreach ón aeriompróir nó óna ghníomhairí údaraithe);

(ii) oibrítear í chun freastal ar thrácht idir an dá aerfort chéanna nó níos mó ná dhá aerfort, ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas:

— de réir tráthchlár foilsithe;

— trí eitiltí atá chomh tráthrialta nó chomh minic sin gur léir gur sraith chórasach atá i gceist leo;

(18) ciallaíonn 'oibríocht chairtfhostaithe' AT neamhsceidealaithe ar éileamh le heitleán ag a bhfuil MOPSC 20 nó níos mó.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

*'Airteagal 8*

**Teorainneacha aga eitilte**

1. Beidh oibríochtaí AT le heitleáin chun críche oibríochtaí sceidealaithe agus cairtfhostaithe faoi réir cheanglais Fhochuid FTL (A) d'Iarscríbhinn III. Beidh oibríochtaí AT le heitleáin chun críche seirbhís leighis éigeandála agus oibríochtaí tacsaí aeir faoi réir cheanglais Fhochuid FTL (B) d'Iarscríbhinn III.
2. A mhéid a bhaineann le teorainneacha aga eitilte agus ceanglais scíthe, comhlíonfaidh oibríochtaí AT le héileacaptair na ceanglais a shonraítear i ndlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a phríomháit ghnó ag an oibreoir.
3. A mhéid a bhaineann le teorainneacha aga eitilte agus ceanglais scíthe, comhlíonfaidh oibríochtaí neamhthráchtála, lena n-áirítear oibríochtaí speisialaithe neamhthráchtála, le heitleáin agus héileacaptair atá á gcumhachtú le mótair choimpléascacha, chomh maith le hoibríochtaí speisialaithe tráchtála le heitleáin agus héileacaptair, na ceanglais a shonraítear i ndlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a phríomháit ghnó ag an oibreoir nó, i gcás nach bhfuil aon phríomháit ghnó ag an oibreoir, na ceanglais a shonraítear i ndlí náisiúnta na háite ina bhfuil an t-oibreoir bunaithe nó ina bhfuil cónaí air.
4. A mhéid a bhaineann le teorainneacha aga eitilte, comhlíonfaidh an t-oibreoir ASM na ceanglais a shonraítear i ndlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a phríomháit ghnó ag an oibreoir, nó, i gcás nach bhfuil aon phríomháit ghnó ag an oibreoir, na ceanglais a shonraítear i ndlí náisiúnta na háite ina bhfuil an t-oibreoir bunaithe nó ina bhfuil cónaí air.';

(3) in Airteagal 9b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht agus údaráis inniúla na mBallstát faireachán ar éifeachtacht na dteorainneacha aga eitilte agus ama dualgais agus ar na ceanglais maidir le scíth a leagtar síos sa Rialachán seo.’;

(4) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(5) leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Deireadh Fómhair 2028.

Beidh feidhm ag Iarscríbhinn I agus pointe (4) d’Iarscríbhinn II, áfach, ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8.9.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*